Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9131/26**

**JEUN 74**
**EDUC 156**
**SOC 252**
**EMPL 112**
**SAN 291**
**SUSTDEV 38**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le torthaí an 11ú Timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an rún thuasluaite, a ghlac an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 11 Bealtaine 2026.

**IARSCRÍBHINN**

**Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le torthaí an 11ú Timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS:

Á MHEABHRÚ DÓIBH:

1. Leis an Rún maidir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027[1], lena n-áirítear Iarscríbhinn 1 (Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg) agus Iarscríbhinn 3 (Spriocanna Eorpacha don Óige), cuirtear chun cinn rannpháirtíocht fheabhsaithe daoine óga i bpróisis chinnteoireachta agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé daoine óga ó chúlraí éagsúla a rannpháirtiú.

2. Sa rún sin déantar athbhreithniú ar threoirlínte maidir le rialachas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg (IAEAO)[2] agus iarrtar go gcuirfí leis an taithí a fuarthas roimhe seo trí phróiseas níos soiléire agus níos seinge, lena ndírítear ar thosaíocht théamach amháin in aghaidh an timthrialla agus torthaí thimthriallta oibre IAEAO roimhe seo á gcur san áireamh.

---

[1] Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027 (IO C 456, 18.12.2018).

[2] Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena ndéantar athbhreithniú ar threoirlínte maidir le rialachas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg (IO C, C/2025/3130, 2.6.2025)

3. Leagann an Chomhairle agus Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, béim ar an ról tábhachtach atá ag na Meithleacha Náisiúnta, na comhairlí náisiúnta don óige, eagraíochtaí don óige, eagraíochtaí idirnáisiúnta neamhrialtasacha don óige, chomh maith le húdaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí náisiúnta Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, maidir le daoine óga a shlógadh agus tacú leo, mar a chonacthas le linn Bhliain Eorpach na hÓige 2022[3] agus sa chomhpháirtíocht leanúnach i rialachas phróisis Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach.

4. Sa Rún ón gComhairle maidir le torthaí an 10ú timthriall de IAEAO[4], iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit an próiseas a neartú agus a fheabhsú trí chur leis na dea-chleachtais, trí leanúnachas idir timthriallta agus cumarsáid atá fabhrach don óige a áirithiú, agus trí thrédhearcacht agus aiseolas rialta do rannpháirtithe a chothú trí chomhordú níos dlúithe a dhéanamh i gCruinnithe Tríthaobhacha na hUachtaránachta.

5. Feidhmíonn Comhdhálacha Óige an Aontais mar phríomh-gharspriocanna i ngach timthriall, rud a chumasaíonn idirghníomhaíocht fhóinteach idir lucht ceaptha beartas, cinnteoirí agus daoine óga ó gach cearn den Eoraip, rud a fhágann gur féidir anailís a dhéanamh ar réimsí téamacha an timthrialla agus ar thorthaí atá ag teacht chun cinn agus gur féidir tuairimí a mhalartú ina leith agus tosaíochtaí ábhartha a chomhchruthú, chomh maith le moltaí lena bhfeabhsaítear tionchar IAEAO.

---

[3] Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022 (IO C, C/2024/3543, 31.5.2024)

[4] Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le torthaí an 10ú Timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg (IO C, C/2024/7402, 10.12.2024)

TUGANN SIAD DÁ nAIRE:

6. Is é is cuspóir don Rún seo béim a leagan ar an obair leantach éifeachtach a dhéanann na gníomhaithe ábhartha uile ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach ar thorthaí an 11ú timthriall de IAEAO agus tacú leis an obair sin. Tá sé d'aidhm aige freisin cáilíocht, leanúnachas agus infheictheacht phróiseas IAEAO agus a thorthaí a neartú, ach trédhearcacht, rannpháirtíocht níos fearr daoine óga, foghlaim fhrithpháirteach agus malartuithe taithí agus dea-chleachtas á gcothú ag an am céanna, lena dtógfar ar obair agus ar a bhfuil bainte amach ag an 11ú timthriall agus ag na timthriallta roimhe sin.

7. Bhí an 11ú timthriall de IAEAO faoi stiúir fhoireann trí Uachtaránacht na Polainne, na Danmhairge agus na Cipire agus dhírigh sé ar Sprioc Eorpach don Óige Uimh. #1 'An tAontas a nascadh leis an Óige', arb é is aidhm di an bhraistint go mbaineann an óige leis an tionscadal Eorpach a chothú agus droichead a thógáil idir an tAontas agus daoine óga chun feabhas a chur ar an muinín atá acu as institiúidí an Aontais agus rannpháirtíocht na hóige a mhéadú.

8. Bhí an 11ú timthriall de IAEAO á threorú ag an gcomhar a bhí á dhéanamh ag na dtrí Bhallstát a raibh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh acu, a gcomhairlí náisiúnta óige faoi seach, an Coimisiún Eorpach, agus Fóram Eorpach na nÓg, tríd an nGrúpa Stiúrtha Eorpach dá bhforáiltear sna treoirlínte maidir le rialachas IAEAO.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á nAITHINT ACU:

9. I bhfianaise na ndúshlán geopholaitiúil agus sochaíoch atá ann faoi láthair, lena n-áirítear an t-athrú déimeagrafach, teacht chun cinn na bréagaisnéise agus an pholaraithe, agus creimeadh na muiníne daonlathaí, tá sé ríthábhachtach an nasc atá ag daoine óga leis an Aontas Eorpach agus lena institiúidí a neartú, trí rannpháirtíocht na hóige a chothú go gníomhach agus trí luachanna daonlathacha comhroinnte a chur chun cinn mar chuid de luachanna an Aontais de bhun Airteagal 2 CAE agus chearta bunúsacha an Aontais a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

10. Is é is aidhm do Sprioc Eorpach don Óige Uimh. #1 'An tAontas a nascadh leis an Óige' a áirithiú go mbeidh daoine óga rannpháirteach, go ndéanfar ionadaíocht orthu, go mbeidh siad rannpháirteach agus go gcumhachtófar iad mar shaoránaigh ghníomhacha in Eoraip athléimneach dhaonlathach aontaithe.

AITHNÍONN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS:

11. Is sásra cuimsitheach é IAEAO chun spásanna agus deiseanna cuimsitheacha sábháilte a chruthú chun tuairimí a chomhroinnt, guth níos láidre a thabhairt do gach duine óg, lena n-áirítear iad siúd ar lú na deiseanna atá acu, agus a áirithiú gur féidir leo páirt a ghlacadh i múnlú an Aontais Eorpaigh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. D'fhéadfaí na spásanna cuimsitheacha sábháilte sin a chruthú, mar shampla, trí ionaid don óige, eagraíochtaí neamhrialtasacha don óige, obair for-rochtana don óige agus cuir chuige phobalbhunaithe.

12. Le IAEAO, cumasaítear idirphlé díreach fóinteach measúil idir daoine óga, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, taighdeoirí agus cinnteoirí ar gach leibhéal, chomh maith leis na Ballstáit agus na hinstitiúidí Eorpacha.

13. Bunófar rúnaíocht IAEAO laistigh d'Fhóram Eorpach na nÓg, a bheidh oibríochtúil ag tús an 12ú timthriall, mar aon le nós imeachta ionduchtaithe nua d'uachtaránachtaí a bheidh ann amach anseo, agus beidh siad sin ríthábhachtach chun cuimhne institiúideach a neartú agus chun leanúnachas agus éifeachtacht IAEAO a áirithiú. Tá sé ríthábhachtach go gcoinneofar ar bun na tionscnaimh sin, lena dtacaítear le leanúnachas agus le haistriú eolais idir páirtithe leasmhara IAEAO, agus go neartófar iad a thuilleadh le himeacht ama.

14. Bhí beagnach 40 000 duine óg ar fud an Aontais Eorpaigh, agus i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha, páirteach sna comhairliúcháin a rinne na meithleacha náisiúnta laistigh den 11ú timthriall de IAEAO[5]. Bhain na meithleacha náisiúnta úsáid as raon leathan modhanna comhairliúcháin, amhail grúpaí fócais, ceardlanna, agus imeachtaí idirphlé leis an aos óg, i bhformáidí ar líne agus i bpearsa araon, chomh maith le sásraí agus uirlisí náisiúnta. Chuaigh an próiseas i bhfeidhm ar líon suntasach rannpháirtithe nua, agus bhí os cionn 90 % díobh rannpháirteach in IAEAO den chéad uair, rud a léiríonn tionchar fóinteach na gcomhairliúchán. Agus an dul chun cinn sin á aithint, tá sé tábhachtach i gcónaí leanúint de na hiarrachtaí leanúnacha darb aidhm an rannpháirtíocht fhoriomlán a mhéadú agus tuilleadh rannpháirtíochta i gcás daoine óga agus páirtithe leasmhara na n-óg a chothú.

DEARBHAÍONN SIAD GUR DÍOL SÁSAIMH DÓIBH AN MÉID SEO A LEANAS:

15. Torthaí Chomhdhálacha Óige an Aontais a tionóladh le linn fhoireann trí Uachtaránacht na Polainne — na Danmhairge — na Cipire, mar bhloic thógála an 11ú timthriall de IAEAO faoi Sprioc Eorpach Uimh. #1 don Óige ‘An tAontas a nascadh leis an Óige’.

16. Tionscnaimh náisiúnta darb aidhm príomhshruthú na hóige a chur chun feidhme agus a chur chun cinn ar fud na mbeartas poiblí, lena n-aithnítear go bhfuil cur chuige trasearnála ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus mianta éagsúla daoine óga ó chúlraí éagsúla, bíodh siad i ngrúpaí eagraithe nó ina n-aonar.

17. Cur chun feidhme an Rúin lena ndéantar athbhreithniú ar na treoirlínte maidir le rialachas IAEAO, lena gcuirtear treoir ar fáil do na gníomhaithe lena mbaineann, lena sainítear a róil agus a bhfreagrachtaí ar gach leibhéal agus lena soiléirítear an comhthéacs ina ndéantar a ngníomhaíochtaí. Rannchuidíonn sin le hobair leantach chórasach, scaipeadh agus infheictheacht fheabhsaithe thorthaí IAEAO ar gach leibhéal ábhartha agus neartaíonn sé cuimsitheacht, trédhearcacht agus éifeachtacht an phróisis.

[5] Moxon D., Bárta O. (2025). *EUYD11 Results of the Consultation Phase*: *Connecting the EU with Youth*. [IAEAO11 Torthaí chéim an chomhairliúcháin: an tAontas a nascadh leis an Óige] DOI: 10.5281/zenodo.16911319.

18. Sa 4ú Coinbhinsiún Eorpach maidir le hObair Óige[6] a d'óstáil Rialtas Mhálta i mí na Bealtaine 2025 — *Aġenzija Żgħażagħ* (gníomhaireacht náisiúnta óige Mhálta) — agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chláir do Mhálta, in éineacht leis an gComhpháirtíocht Óige idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa, cuireadh béim ar leith ar thábhacht straitéiseach na hoibre óige san Eoraip a threisiú. Ba é an toradh a bhí ar an gCoinbhinsiún tuarascáil ina raibh treochlár agus amlíne ag gabháil leis ina léirítear conas is féidir le conclúidí an Choinbhinsiúin bonn eolais a chur faoi bheartais agus straitéisí Eorpacha agus náisiúnta don óige sna blianta amach romhainn, a bheith mar bhonn taca fúthu agus a bheith mar chuid díobh[7].

AITHNÍONN SIAD TONSCNAIMH AN CHOIMISIÚIN:

19. Bunú Bhord na nÓg um Comhairliú Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh[8] chun tacú leis an idirphlé idir ionadaithe óige agus an leibhéal polaitiúil is airde san Aontas, rud a chruthóidh tuilleadh deiseanna do rannpháirtíocht fhóinteach na hóige i bpróisis chinnteoireachta an Aontais i sineirgíocht le tionscnaimh bheartais éagsúla de chuid an Aontais amhail IAEAO.

20. An tIdirphlé Beartais leis an Aos Óg[9], atá ag leanúint ar aghaidh agus atá á fhorbairt a thuilleadh leis na Coimisinéirí, mar thús chun ardán luachmhar a chruthú le haghaidh malartuithe díreacha idir daoine óga agus cinnteoirí an Aontais agus mar fhóram chun comhthuiscint, trédhearcacht agus muinín a chothú ar fud réimsí beartais éagsúla.

---

6 https://pjp-eu.coe.int/en/web/youth-partnership/4th-european-youth-work-convention-.

7 https://pjp-eu.coe.int/documents/42128013/266254265/4th+European+Youth+Work+Convention+%E2%80%93+Final+Report.pdf/474159ed-327c-e112-9c3b-e0f7daeb83f7?t=1774343543182

8 Bord na nÓg um Chomhairliú an Uachtaráin — Tairseach Eorpach na hÓige - https://youth.europa.eu/strategy/pyab_en.

9 Idirphlé Beartais leis an Aos Óg — Tairseach Eorpach na hÓige — https://youth.europa.eu/youth-policy/dialogues_en.

21. Bunú Ghrúpa an Aontais um Páirtithe Leasmhara na hÓige[10] agus atá á thionól go rialta, lena dtabharfar le chéile príomheagraíochtaí Eorpacha don óige, údaráis náisiúnta, institiúidí agus líonraí chun tacú le cur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh. Leis an bhfóram sin, cuirtear spás ar fáil le haghaidh comhordaithe, malartú saineolais agus aiseolas beartais, agus ar an gcaoi sin neartaítear an nasc idir ceapadh beartas ar leibhéal an Aontais a mhéid a bhaineann le réaltachtaí na hóige agus daoine óga ar an láthair.

TUGANN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS DÁ nAIRE:

22. Tosaíocht ábhair na chéad fhoireann trí Uachtaránacht eile (Éire, an Liotuáin agus an Ghréig) bunaithe ar Sprioc Eorpach don Óige Uimh. #4 'Faisnéis agus Idirphlé cuiditheach'.

AGUS TORTHAÍ CHOMHDHÁLACHA ÓIGE AN AONTAIS Á gCUR SAN ÁIREAMH:

23. Torthaí Chomhdháil Óige an Aontais in Lublin[11], inar chuir daoine óga i bhfios go láidir gur gá dóchas daoine óga a mhéadú i dtodhchaí dhaonlathach shábháilte trína muinín in institiúidí daonlathacha ar gach leibhéal, athléimneacht agus rannchuidiú le cothú na síochána a mhéadú, chun díspreagadh, díscor agus coimhthiú polaitiúil a chosc.

24. Torthaí Chomhdháil Óige an Aontais i gCóbanhávan[12], inar ghlac daoine óga páirt in idirphlé struchtúrtha le chéile agus le cinnteoirí ardleibhéil, inar cruthaíodh raon moltaí don chlár Erasmus+ a bheidh ann amach anseo (2028-2034), agus inar roghnaíodh, trí nós imeachta vótála, na moltaí deiridh maidir le struchtúr, cuspóirí, sruth cistiúcháin nua, próiseas iarratais agus tuairiscithe an chláir agus inar tugadh isteach Erasmus+ na hÓige mar chuid ar leith den chlár.

---

[10] Grúpa an Aontais um Páirtithe Leasmhara Óige — Tairseach Eorpach na hÓige - https://youth.europa.eu/strategy/euyouthstrategygroup_en.

[11] Bárta, O., Moxon D. (eagarthóirí): Bielska, A., Pavlovych A. (2025). IAEAO11 Comhdháil Óige an Aontais Eorpaigh in Lublin, an Pholainn. Tuarascáil ar an gComhdháil. DOI 10.5281/zenodo.15118224.

[12] Bárta, O., Moxon, D. (2025). IAEAO11 Comhdháil Óige an Aontais Eorpaigh i gCóbanhávan, an Danmhairg. Tuarascáil ar an gComhdháil. DOI 10.5281/zenodo.17293004.

25. Torthaí Chomhdháil Óige an Aontais a d’eagraigh Uachtaránacht na Cipire[13], ina ndearna daoine óga machnamh ar an gcaoi ar féidir le beartais an Aontais a bheith níos fabhraí don óige trí aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar a riachtanais, trí rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga a neartú ag gach céim den timthriall beartais agus trí fheabhas a chur ar an obair leantach a dhéanann institiúidí an Aontais ar na moltaí a cheaptar ag Comhdhálacha Óige an Aontais.

26. Moltaí arna bhforbairt agus arna gcur ar aghaidh ag daoine óga ag na trí chomhdháil thuasluaite, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an doiciméad seo.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT:

27. Torthaí an 11ú timthriall d’Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a chur san áireamh i gcás ina léiríonn torthaí an chomhairliúcháin[14], dar le daoine óga, gur féidir braistint an chómhuintearais agus na muiníne san Aontas, chomh maith le tacaíocht do luachanna coiteanna an Aontais, a fhorbairt trí fheabhas a chur ar an oideachas sibhialta, go háirithe laistigh de scoileanna, maidir le hábhair a bhaineann leis an Eoraip agus leis an Aontas, amhail a luachanna agus feidhmiú institiúidí an Aontais.

28. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do pháirtithe leasmhara in Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga ó cheantair thuaithe, ó na réigiúin is forimeallaí agus ó chomhthéacsanna socheacnamaíocha atá faoi mhíbhuntáiste agus chun páirt fhóinteach a thabhairt dóibh, trí shásraí spriocdhírithe for-rochtana agus tacaíochta, lena n-áirítear trí thacú le rannpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

29. Tacú le rannchuidiú Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg leis an athbhreithniú ar Spriocanna Eorpacha don Óige, i gcomhréir le torthaí an 11ú timthriall de chomhairliúchán Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg.

---

13 Moxon D., Bárta O. (2026). Comhdháil Óige an Aontais sa Niocóis, sa Chipir agus ar líne. Tuarascáil ar an gComhdháil. DOI: 10.5281/zenodo.19188766.

14 Moxon D., Bárta O. (2025). *EUYD11 Results of the Consultation Phase: Connecting the EU with Youth* [IAEAO11 Torthaí chéim an chomhairliúcháin: an tAontas a nascadh leis an Óige]. DOI: 10.5281/zenodo.16911319.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

30. Torthaí an 11ú timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a chur san áireamh i gcás ina léiríonn torthaí an chomhairliúcháin[15], dar le daoine óga, gur féidir braistint an chómhuintearais agus na muiníne san Aontas, chomh maith le tacaíocht do luachanna coiteanna an Aontais, a chothú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

    i) Guth daonlathach daoine óga agus a dtionchar ar cheapadh beartas a neartú;

    ii) A áirithiú go mbeidh beartais nua i ngach réimse fabhrach don óige trí smaointeoireacht fhadtéarmach atá dírithe ar an todhchaí a ghlacadh agus trí thuairimí daoine óga agus tionchar na mbeartas ar dhaoine óga agus ar na glúnta atá le teacht a chur san áireamh.

31. Leanúint de shásraí a neartú le haghaidh phríomhshruthú na hóige agus rannpháirtíocht rialta na hóige i gceapadh beartas ar gach leibhéal, trí idirphlé foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon a chur chun cinn idir daoine óga agus cinnteoirí, trí úsáid a bhaint as measúnuithe tionchair óige, seiceálacha óige agus bearta ábhartha eile, agus trí shásraí foirmiúla rannpháirtíochta óige a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear sásraí solúbtha eile, chun níos mó daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa saol sibhialta agus i gceapadh beartas, i gcás inarb iomchuí.

32. Gníomhaíochtaí litearthachta digití a fhorbairt agus tacú leo, arna gcomhdhearadh le páirtithe leasmhara óige nuair is iomchuí, agus atá dírithe ar dhaoine óga agus orthu siúd atá ag obair le daoine óga, ag díriú, *inter alia*, ar litearthacht sna meáin, ar an gcibearshlándáil, ar litearthacht IS agus ar úsáid eiticiúil IS.

---

15 Moxon D., Bárta O. (2025). *EUYD11 Results of the Consultation Phase: Connecting the EU with Youth* [IAEAO11 Torthaí chéim an chomhairliúcháin: an tAontas a nascadh leis an Óige]. DOI: 10.5281/zenodo.16911319.

33. Tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chláir Eorpacha agus d'ionstraimí eile atá ar fáil agus iad a úsáid mar uirlisí chun oideachas sibhialta a chur chun cinn, obair óige agus foghlaim neamhfhoirmiúil a fheabhsú, luachanna an Aontais a chur chun cinn, tacú le rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí don óige sa saol daonlathach agus athléimneacht dhigiteach agus ullmhacht daoine óga a fhorbairt.

34. Malartú dea-chleachtas agus taithí a éascú agus rannchuidiú leis, de réir mar is iomchuí, go háirithe maidir le bealaí chun daoine óga a rannpháirtiú i gcomhairliúcháin Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, agus é mar phríomhaidhm teagmháil a dhéanamh le raon níos leithne agus níos éagsúla daoine óga.

35. Féachaint ar bhealaí chun obair leantach a dhéanamh ar na moltaí ón 11ú timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg agus iad a thabhairt ar aghaidh, i gcás inar féidir agus inarb ábhartha sa chomhthéacs náisiúnta, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an doiciméad seo.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

36. Torthaí an 11ú timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a chur san áireamh i gcás ina léiríonn torthaí an chomhairliúcháin[16], dar le daoine óga, gur féidir braistint an chómhuintearais agus na muiníne san Aontas, chomh maith le tacaíocht do luachanna coiteanna an Aontais, a chothú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

    i) leanúint d'fheabhas a chur ar thrédhearcacht chinnteoireacht an Aontais agus ábharthacht agus tionchar institiúidí an Aontais ar shaol laethúil daoine óga a léiriú;

    ii) feachtais chumarsáide ó institiúidí an Aontais a chur chun cinn chun luachanna an Aontais a chothú agus chun rochtain daoine óga ar fhaisnéis faoi chinnteoireacht an Aontais a neartú.

---

[16] Moxon D., Bárta O. (2025). *EUYD11 Results of the Consultation Phase: Connecting the EU with Youth* [IAEAO11 Torthaí chéim an chomhairliúcháin: an tAontas a nascadh leis an Óige]. DOI: 10.5281/zenodo.16911319.

37. Bealaí a shainaithint chun rochtain ar chistiú ón Aontas a shimpliú trí chláir reatha an Aontais, lena n-áirítear próisis iarratais agus tuairisciú, le haghaidh tionscadail a thacaíonn le saincheisteanna óige, lena n-áirítear athléimneacht na hóige, rannpháirtíocht shibhialta, agus rannpháirtíocht dhaonlathach.

38. Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg agus é a fheabhsú a thuilleadh trí shásraí leantacha trédhearcacha amhail na treoirlínte atá beartaithe maidir le faireachán agus obair leantach, trína infheictheacht agus a fhor-rochtain a mhéadú agus trí iarrachtaí leanúnacha chun tacú leis an leanúnachas idir timthriallta in Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, mar shampla, an próiseas ionduchtaithe don fhoireann trí Uachtaránacht inteachta.

39. Feabhas breise a chur ar éifeachtacht thionscnaimh an Choimisiúin lena gcuirtear deiseanna tábhachtacha ar fáil chun guthanna daoine óga a thabhairt isteach sa chinnteoireacht ar leibhéal an Aontais trí shineirgí, comhleanúnachas agus ailíniú níos láidre eatarthu a chur chun cinn.

**IARSCRÍBHINN I**

MOLTAÍ COMHPHÁIRTEACHA
ÓN 11ú TIMTHRIALL
D'IDIRPHLÉ AN AONTAIS LEIS AN AOS ÓG – 'AN tAONTAS A NASCADH LEIS AN ÓIGE'

Na smaointe agus na tuairimí a bhí ag daoine óga a cuireadh in iúl ag Comhdhálacha Óige an Aontais i mí an Mhárta 2025 in Lublin, i mí Mheán Fómhair 2025 i gCóbanhávan agus i mí an Mhárta 2026 in Nicosia, díríodh iad ar sprioc Eorpach #1 don Óige, is é sin, 'An tAontas a Nascadh leis an Óige'. Is léiriú iad na moltaí ar phróiseas a thosaigh le linn Uachtaránacht na Polainne, a lean ar aghaidh le linn Uachtaránacht na Danmhairge agus a chríochnaigh le linn Uachtaránacht na Cipire.

Ag Comhdháil Óige an Aontais a tionóladh in Lublin ón 2 go dtí an 5 Márta 2025, leagadh béim ar an ngá atá le hIdirphlé an Aontais leis an Aos Óg a neartú trí rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga a áirithiú ag gach céim den chinnteoireacht. Trí cheardlanna maidir le rannpháirtíocht na hóige, luachanna Eorpacha, oideachas sibhialta, sábháilteacht dhigiteach, agus rannpháirtíocht sa chinnteoireacht, mhalartaigh na rannpháirtithe taithí, shainaithin siad bacainní ar rannpháirtíocht an aosa óig, agus cheap siad moltaí chun tionchar daoine óga ar bheartas an Aontais a fheabhsú. Thug an Chomhdháil aghaidh freisin ar a thábhachtaí atá sé muintearas a chothú i measc Eorpaigh óga, dul i ngleic leis na dúshláin maidir le heasnamh daonlathach agus trédhearcacht laistigh d'institiúidí an Aontais, agus muinín san Aontas a atógáil. Ar deireadh, leag sí béim ar an ngá atá le bunluachanna an Aontais a chur chun cinn – lena n-áirítear an daonlathas, an dlúthpháirtíocht agus cearta an duine – agus na prionsabail sin a chomhtháthú ar bhealach níos éifeachtaí i dtionscnaimh rannpháirtíochta don óige.

Áirítear ar phríomhchonclúidí na Comhdhála, atá ábhartha don 11ú timthriall iomlán d’Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, moltaí chun an nasc idir an tAontas agus daoine óga a neartú, muinín as institiúidí daonlathacha a athbhunú, athléimneacht a chothú, agus rannchuidiú na hóige le cothú na síochána a chur chun cinn. Leag an Chomhdháil béim ar an ngá atá le rannpháirtíocht fheabhsaithe an aosa óig, trédhearcacht i bpróisis reachtacha, agus breithniú gníomhach ar ghuthanna daoine óga, agus béim á leagan aici ag an am céanna ar an togra chun Bliain Eorpach Athléimneachta a ainmniú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála, ar pholarú sóisialta agus ar ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo.

Go sonrach, ba iad seo a leanas príomhchonclúidí Chomhdháil Lublin, a bhí ina n-ábhair ábhartha le linn an 11ú timthriall ar fad:

1. Chuir daoine óga i bhfios go láidir gur gá dóchas daoine óga a mhéadú i dtodhchaí dhaonlathach shábháilte trína muinín in institiúidí daonlathacha ar gach leibhéal, athléimneacht agus rannchuidiú le cothú na síochána a mhéadú, chun díspreagadh, díscor agus coimhthiú polaitiúil a chosc. Is féidir é sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

    - Bliain Eorpach Athléimneachta a dhearbhú agus cistiú fadtéarmach ón Aontas a bhfuil rochtain éasca air a mhéadú le haghaidh tionscadail athléimneachta óige agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna;

    - Rannpháirtíocht na hóige sa chinnteoireacht a neartú trí bhearta áirithe, mar shampla, tionscnaimh ar Shaoránacht Eorpach faoi stiúir na hóige, seiceáil óige ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach agus Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg. Ba cheart a chuimsiú leo sin próisis leantacha thrédhearcacha lena rianaítear cur chun feidhme tograí beartais, chomh maith le comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí óige maidir le cumarsáid agus for-rochtain chun raon éagsúil daoine óga a shroicheadh agus chun ceannairí óga a chumasú ar bhealach níos fearr chun an bhearna idir daoine óga agus lucht ceaptha beartas an Aontais a dhúnadh;

    - Iarrthóirí óga a spreagadh i dtoghcháin trí bhearta ar nós cuótaí, tréimhsí oiliúna polaitiúla lena laghdaítear aois na hincháilitheachta, agus fíordheis a thabhairt do dhaoine óga a bheith tofa;

- Oideachas sibhialta a thabhairt isteach mar ábhar éigeantach san oideachas foirmiúil, le curaclam cuimsitheach, arna sholáthar agus arna chruthú i gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha. Ba cheart dó sin freagracht shibhialta a chothú, luachanna Eorpacha, an tsochaí shibhialta, smaointeoireacht chriticiúil, rannpháirtíocht dhaonlathach agus ról na n-institiúidí daonlathacha a chur chun cinn.

2. Cuireann an bhréagaisnéis agus an mhífhaisnéis luachanna daonlathacha i mbaol, laghdaíonn siad muinín in institiúidí agus cothaíonn siad polarú. Mar thoradh air sin, bíonn amhras, díscor agus fadhbanna meabhairshláinte ann i measc daoine óga, chomh maith le neamhábaltacht roghanna eolacha a dhéanamh. Is féidir athléimneacht daoine óga laistigh den tírdhreach digiteach a neartú agus na luachanna daonlathacha ar a bhfuil an tAontas bunaithe a chosaint a thuilleadh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - creataí foghlama digití a chomhdhearadh i gcomhar le daoine óga (foirmiúil, seachfhoirmiúil, neamhfhoirmiúil) i réimsí ar nós algartaim a thuiscint, litearthacht sna meáin, cibearshlándáil, seiceáil fíricí, loirg dhigiteacha, bainistiú faisnéise, smaointeoireacht chriticiúil, meáin eiticiúla agus úsáid IS;

   - próisis thrédhearcacha fíorúcháin agus chuntasachta a chur chun feidhme le haghaidh na meán sóisialta, chomh maith le lipéadú ar cháilíocht na meán chun iompar digiteach freagrach a spreagadh;

   - tacú le gnólachtaí faoi stiúir na hóige agus gnólachtaí nuathionscanta i réimse na meán sóisialta agus na hintleachta saorga.

Ag Comhdháil Óige an Aontais a bhí ar siúl i gCóbanhávan ón 21 go dtí an 23 Meán Fómhair 2025, tugadh cead cainte do dhaoine óga i gceapadh beartas an Aontais maidir le clár Erasmus+ 2028-2034 trí dhul i mbun meithleacha chun moltaí a chruthú, agus vótáil ina dhiaidh sin ar na moltaí deiridh chomh maith lena bplé le cinnteoirí ardleibhéil. Mar thoradh air sin, bhí an próiseas chomh maith le conclúidí na Comhdhála ábhartha don 11ú timthriall iomlán toisc gur thug sé deis do dhaoine óga dul i mbun idirphlé díreach le cinnteoirí an Aontais maidir le caibidlíocht pholaitiúil leanúnach san Aontas, agus ar an gcaoi sin, an tAontas a nascadh leis an óige. Ba iad seo a leanas na hocht moladh a rinneadh:

- Caibidil thiomnaithe don óige a choimirciú laistigh de Erasmus+ 2028-2034, agus buiséad 15 % curtha in áirithe i gceist
- Deontais Erasmus+ 2028-2034 a dháileadh roimh thús na soghluaisteachta;
- Spás tiomnaithe a áirithiú ar mhaithe le saorálaíocht agus dlúthpháirtíocht na hóige;
- Erasmus+ 2028-2034 a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sheachtracha atá roimh dhaoine óga amhail na cinn siúd a bhaineann leis an mbréagaisnéis agus leis an éagobhsaíocht dhomhanda;
- Sruth cistiúcháin tiomnaithe Erasmus+ 2028-2034 a chruthú le haghaidh scileanna boga agus scileanna saoránachta;
- An próiseas iarratais agus tuairiscithe a shimpliú le haghaidh dheiseanna Erasmus+ 2028-2034;
- Ullmhacht, athléimneacht agus cothú na síochána a chur chun cinn trí Erasmus+ 2028-2034;
- Erasmus+ na hÓige a thabhairt isteach mar roinn ar leith in Erasmus+ 2028-2034.

Ag Comhdháil Óige an Aontais a d’eagraigh Uachtaránacht na Cipire, a bhí ar siúl i bhformáid fhíorúil ón 18 go dtí an 20 Márta 2026, dhírigh daoine óga ar bhealaí a fhiosrú maidir le conas feabhas a chur ar sholáimhsitheacht beartas don óige ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

Dírítear i roinnt moltaí ar cheapadh beartais an Aontais a dhéanamh níos dírithe ar an óige, níos trédhearcaí agus níos freagrúla. Áirítear orthu sin caighdeáin cheangailteacha rannpháirtíochta le haghaidh beartais atá fabhrach don óige, ábhair óige agus Spriocanna Eorpacha don Óige a phríomhshruthú, agus córais aiseolais dhigiteacha agus institiúideacha uile-Aontais a bhunú, agus cumarsáid níos tacúla, níos cuimsithí agus níos inrochtana le daoine óga i bhformáidí digiteacha agus as líne araon á háirithiú ag an am céanna. D’iarr an Chomhdháil freisin go ndéanfaí bearta sonracha sóisialta agus oideachais, lena n-áirítear tacaíocht fheabhsaithe don tithíocht agus sineirgí níos láidre idir an fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus suíomhanna foirmiúla oideachais.

Ba iad seo a leanas na hocht moladh a rinneadh:

- Rochtain daoine óga ar thithíocht a chosaint. Ba cheart don Choimisiún Eorpach tionscnamh Liosta Cathrach Róphlódaithe a chruthú chun brú tithíochta a laghdú, agus chun tacaíocht níos láidre a chur ar fáil freisin do chóiríocht do mhic léinn in Erasmus+.

- Caighdeáin rannpháirtíochta a chruthú chun beartais atá fabhrach don óige a fhorbairt. Ba cheart a áirithiú leo sin cuimsiú éigeantach agus fóinteach daoine óga ag gach céim den fhorbairt beartais, sainorduithe institiúideacha a lua go soiléir, agus sásraí aiseolais struchtúrtha trédhearcacha a chur chun cinn.

- Sásra aiseolais dhigitigh aonair inrochtana, cuimsitheach, fadtéarmach a bhunú ar fud institiúidí uile an Aontais chun a áirithiú go ndéanfar faireachán leanúnach ar mholtaí don óige a dhéantar laistigh de shásraí rannpháirtíochta, go gcuirfear torthaí in iúl go trédhearcach, agus go mbeidh an óige rannpháirteach go gníomhach sa mheastóireacht.

- Chun ábhair óige a phríomhshruthú i ngach Stiúrthóireacht agus réimse beartais, ba cheart don Choimisiún Eorpach úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí atá ann cheana amhail Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg agus na Spriocanna Eorpacha don Óige.

- Straitéisí cumarsáide tacúla agus cuimsitheacha a ghlacadh maidir le ceapadh beartas ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áiritheofar go mbeidh faisnéis atá fabhrach don óige ar fáil i bhformáidí digiteacha agus neamhdhigiteacha araon a mbeidh rochtain ag cách orthu.

- Tacú leis an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil i suíomhanna oideachais fhoirmiúil laistigh de Erasmus+, trí chistiú atá curtha in áirithe a chruthú agus trí chomhar a shainordú idir institiúidí oideachais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

- Chun obair leantach a dhéanamh ar mholtaí Chomhdháil Óige an Aontais, ba cheart d'institiúidí an Aontais córas aiseolais a bhunú ina leagfar amach an ghníomhaíocht a rinne institiúidí an Aontais mar fhreagairt ar na moltaí sin, lena n-áiritheofar cuntasacht i leith éilimh daoine óga.

- Buiséad tiomnaithe a leithdháileadh laistigh de Erasmus+ do mhicreathionscadail a bhfuil tionchar dearfach acu ar phobail áitiúla atá á reáchtáil ag eagraíochtaí óige ar mhionscála nó ag grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga. Ba cheart sásra ar ráta comhréidh le nósanna imeachta iarratais simplí a úsáid chuige sin.

Ní fhorchuirtear aon cheanglais fhoirmiúla leis na moltaí a mhéid a bhaineann le beartais óige ar na leibhéil ábhartha. Mar sin féin, is féidir leo a bheith ina bhfoinse inspioráide do na Ballstáit agus do na hinstitiúidí Eorpacha.